



Cumann Peile Naomh Anna

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Seo an ceathrú heagrán den nuachtlitir ina bhfuil cur síos ar ghnóthaí reatha sa gcumann chomh maith le scéalta suimiúla a bhaineann leis an gclub. Tá súil againn an nuachtlitir seo a fhoilsiú go rialta agus é a chur ar fáil daoibhse, pobal an Chumainn Peile. Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, bígí i dteagmháil linn ag nuachtlitir@naomhanna.ie

Nuachtlitir: Eagrán 4

Iúil 2021

Ár mbaill i mbun gnó!

Is as An Trá Bháin é Michéal Mac Donnachadha, mac le Michael & Nóra Mhic Dhonnachadha, tá sé mar bhall den chumann ó bhí sé fíor-óg agus caitheann sé geansaí an chumainn go brodíil le foireann idirmheánach na bhfear i láthair na huaire. Tá Michéal gnóthach taobh amuigh de gheataí na páirce freisin, de bharr go bhfuil a chomhlacht tírdhreachaithe féin 'Gorumna Landscaping' bunaithe aige le roinnt seachtainí anuas. Rinne Micheál staidéar ar an gceird i nGaillimh agus tá taithí chuimsitheach faighte aige ó mháistirí na ceirde. Dar leis, baineann sé an-sásamh as an obair phraicticiúil agus an toradh a bhíonn dá bharr ar deireadh tar éis an obair chrua ar fad! Más mian leat aon chóiriú a dhéanamh taobh amuigh, déanaigí cinnte a bheith a dteagmháil le Micheál ag 087-3642924.



Is as An Máimín/Corr na Cleatha é Seán Andy Ó Ceallaigh, mac le Steve & Ann Uí Cheallaigh agus tá cáil bainte amach aige mar lánchúlaí le foireann shinsir an chumainn agus na Gaillimhe le blianta beaga anuas gan trácht ar an spreagadh a thugann sé do laochra beaga an chumainn freisin! Tá tréimhse caite ag Seán ag obair i mbanc agus léirigh sé suim i gcúrsaí gnó dá bharr seo. Tá tús curtha aige le 'SA Sports' le píosa anuas, comhlacht a chuireann éadaí reatha ar fáil do fhoirne/ghrúpaí agus don duine aonair. Dúirt Seán gur chuir sé tús leis an togra nua seo de bharr gur bhain sé an-taitneamh as a bheith ag dearadh éadaí d'fhoirne sa gcumann agus go bhfaca sé spás sa margadh chun a leithéid de ghnó a bhunú. B'onóir mhór dhó a chéad ordú a dhéanamh lena chairde anseo sa gcumann agus tá ár mbaill thar a bheith sásta leo. Má tá aon cheist agaibh is féidir teagmháil a dhéanamh le Seán Andy ag sasportsteamwear@gmail.com nó 0873193830. **Guíonn muid chuile rath ar an mbeirt!**



Éachtaí ár mbaill

Ba mhaith leis an gcumann Beidh Caitríona Ní Ógáin ag comhghairdeas ó chroí a tabhairt faoi spéirthumadh dhéanamh le Leanne Seoige ar mhaithe le Youth Suicide a bhfuil geansaí na Prevention Ireland ar an 30 Gaillimhe bainte amach aici Iúil. Guíonn an cumann ar leis an bhfoireann faoi 14, fad gach rath ar Chaitríona. d'imir sí a céad chluiche ar Más mian leat tacú léi déan an 5 Iúil le geansaí uimhir 5 sin ag an nasc thíos uirthi tráth a raibh an bua <https://skydive.yspi.ie/caitri ona123> acu ar Ros Comáin.



Dúthracht na mBan



Tá tús curtha le séasúr nua peile agus Mná Naomh Anna ag tabhairt aghaidh ar ghrád na sinsear den chéad uair le fada an lá. Ar nós foireann ar bith a mbíonn bliain mhaith acu beidh chuile fhoireann ag faire an ceann is fearr a fháil orainn i mbliana agus ní bheidh cluiche ar bith éasca.

Tá obair iontach déanta ag cuid de na cailíní seo ó thús na bliana agus é le feiceáil go soiléir, le triúr acu ag imirt ar fhoirne idirchontae. Go deimhin ba lá stairiúil a bhí ann do Cheantar na nOileán ar an 30 Bealtaine nuair a d'imir triúr de na cailíní ar fhoireann sinisir na Gaillimhe, na deifiúracha Sarah agus Mairéad Ní Loinsigh agus Ríona Ní Fhlatharta, bhí Clíodhna Ní Cheallaigh ar fhoireann Luimnigh an lá céanna. Sin éacht!

Ní ar pháirc na himeartha amháin atá gaisce déanta ag na cailíní seo le bliain mar gur bheartaigh muid iarracht a dhéanamh 300km a rith Domhnach Cásca le airgead a bhailiú don chumann agus d'Oispís na Gaillimhe, rud a rinne siad go slachtmhar ag bailiú beagnach €3,300, leath don oispís agus leath don chumann. Éacht eile.

Ba mhaith le foireann na mban a mbuíochas a ghlacadh le gach duine a thug síntúis agus le Tigh Nicolás Ó Conchubhair a bhronn geansaithe álainn orthu ag deireadh an tséasúir seo caite, Nár laga Dia sibh ar fad!

Mar atá a fhios againn tá chuile shórt níos dúshlánaí de bharr na haicíde atá inár measc agus ar nós drochrud ar bith ní bheidh sé éasca fáil réidh leis ach tá rud amháin cinnte tabharfaidh mná Naomh Anna aghaidh ar dhúslán ar bith a chuirfear os a gcomhair gan fuacht ná faitíos.

Ár mbaill ag caint – *Michael Barry Ó Flatharta*



Is iomaí ról a bhí agam sa Bhain muid amach go leor ar pháirc na himeartha sna gCumann seo ag dul siar os blianta sin ach i measc na rudaí ba shuntasá a tharla, cionn dhá scór bliain. Mar cuireadh foireann ban chun páirce i 1993, cuireadh tús leis atá a fhios ag madraí an an Lotto nuair a bhí an chéad tarraingt i dTeach an Daingin bhaile faoin am seo bhí ar an 5 Feabhra 1994. Ceann de na rudaí ba mhó a bhain an timpiste chairr agam i Cumann seo amach ó bunaíodh é ná an chraobh náisiúnta 1986 a chuir deireadh le de Chomórtas Peile na Gaeltachta a reáchtáil in 2002, éacht mo shaol peile ar pháirc na don chlub agus don cheantar. Nuair a bhí an Comórtas Náisiúnta thart thosaigh muid ag obair ar an bhfeachtas a chríochnódh mar Spórtlann Mhichael Mhóir in 2007. Nuair a sheol mé an t-iarratas ag cur isteach ar dheontas soir chuig Roinn na Gaeltachta, rinne mé suas m'intinn go raibh an t-am tagtha chun an peann a thabhairt do dhuine éigin eile agus imeacht ón gcoiste. Tháinig fear maith i m'áit, mo chara mór Máirtín Ó Meachair, fear a chaith 15 bliana mar Rúnaí. B'éacht ag baile beag Chladhnach gur chaith beirt as an mbaile 30 bliain ina rúnaithe ar an gcumann seo ach ar aon chaoi bhí suim agamsa i ndúshlán nua. Bhí eolas go leor cruinnithe agam faoin gcumann ó na hochtóidí agus theastaigh uaim an t-eolas sin a roinnt leis an bpobal, ach go háirithe le muintir na nOileán nach raibh ina gcónaí san áit ní ba mhó agus an bealach ab fhearr le rud mar sin a dhéanamh ná ar an idirlíon. Tháinig suíomh idirlín www.naomhanna.ie beo ar líne ag deireadh mhí an Mheithimh 2003 le heolas faoi stair an chumainn, torthaí lotto agus roinnt pictiúr a bhí bailithe agam leis na blianta. Is as sin a tháinig formhór an eolais don leabhar Stair Chumann Peile Naomh Anna 1964 – 2014, a chuir mé i gcló le Pat Choilmín Ó Conghaile agus le Caoimhín Ó Fátharta.

Thosaigh mé ag imirt i Scoil Thír an Fhia, áit ar bhuaigh muid Comórtas na Scoileanna i 1975. Ba i 1977 an chéad bhliain ar imir mé don chumann, Faoi 14. D'imir mé mo chéad chluiche i ngrád na Sinsear le Naomh Ciarán, agus mé 15, in Aibreán 1981 ar an Máimín nuair a theip orainn i gcoinne Mhuine Mheá, Mainistir Chnoc Muaidhe. An bhliain sin, bhí mé féin agus Maitias Bairéad, ar fhoireann Mhionúir na Gaillimhe agus bhuaigh mé Corn an Ted Webb le foireann Faoi 16 na Gaillimhe. Bhí mé ag imirt le Mionúir na Gaillimhe i 1982 agus '83 agus leis an bhfoireann Faoi 21 i 1985 agus '86. Déarfadh go leor nach raibh agam ach achar gairid ag imirt ach ceapaim féin gur chuir mé go leor mílte ar an gclog sna naoi mbliana a bhí agam sa ngeansaí Dubh agus Omrach. Ceann de na honóir ba mhó dom gur roghnaíodh mé ar fhoireann an chumainn don chéad 20 bliain 1964-1984. Chaith mé dhá bhliain, 1993 & '94, mar Rúnaí Cúnta ar Bhord Peile an Chontae ach ba le linn dom 15 bliain a chaitheamh mar rúnaí ar an gCumann, 1988 – 2002, ba mhó a bhain mé sásamh as.

Chaith muid cúpla bliain ag caint, ag comhrá, ag bailiú agus ag clóscríobh, oícheanta fada timpeall an bhoird i gCladhnach. Is díol mórtais dúinn anois go bhfuil leabhar ann gur féidir linn ar fad, ón Tuairín siar, a bheith bródúil as agus stair thábhachtach fágtha againn don chéad ghlúin eile.

Spórtlann Naomh Anna

Athoscailt an Giom

BHÍ ANN ÁTHAS ORAINN FÁILTE A CHUR ROMHAIBH AR AN 7Ú MEITHEAMH. BA MHAITH LINN BUÍOCHAS Ó CHROÍ A GHABHAIL LIBH GO LÉIR AS BHUR GCUID TACAÍOCHTA I GCONAÍ ACH GO HÁIRITHE SA MBLIAIN ATÁ CAITE.

Míle buíochas libh ar fad



SPORTLANN NAOMH ANNA

CEARDLANN SCILEANNA SORCAS

LÁMHCHLEASAÍOCHT | ACRABAITICE
TIGHTWIRE ÍSEAL // HÚLAHÚPAIL // & NEART EILE

DÉ SATHARN, 14Ú LÚNASA. AM: TBC

Ceardlann 90 nóimead @ €50

AOIS GHRÚPAÍ: 8-12, 13-17, 18+

Clarú: www.sportlannbooking.com



Bain Triail as

ULTIMATE FRISBEE

Dé Domhnaigh
12:00PM 4Ú IÚIL
DO DHAOINE FÁSTA

CLARÚ: WWW.SPORTLANNBOOKING.COM



BAIN TRIAL AS LINN
1Ú LÚNASA @ 12:00 PM

CLARÚ AR
WWW.SPORTLANNBOOKING.COM



BAIN TRIAIL AS TAG RUGBY

**DÉ DOMHNAIGH 25Ú
IÚIL @ 12:00PM**

Clarú

www.sportlannbooking.com

An bhfuil eolas agat ar do club?

1. Cén bhliain ar bunaíodh Cumann Peile Naomh Anna? 1964
2. Cé é/í Uachtarán an Chumainn inniu? *Nicolás Ó Conchubhair*
3. Céard iad na chéad dathanna a bhí ag an gCumann? *Gorm & Bán*
4. Cén t-ainm a bhí ar an bhfoireann a raibh baill ón gCeathrú Rua agus Naomh Anna páirteach ann? *Naomh Ciarán*
5. Cén bhliain ar bhuaigh foireann na bhfear an craobh idirmhéanach den chéad uair? 1995
6. Cén bhliain ar bunaíodh foireann na mban sa gcumann ? 1993
7. Cén bhliain ar bhuaigh foireann na mBan an craobh sinsir den chéad uair? Cén fhoireann a bhí ina gcoinne? 1994 & *Naomh Grellain*
8. Cé mhéid uair a bhfuil Comórtas an Chailín Ghaelaigh bainte ag mná an chumainn ? 3 huaire (*Mairéad Neachtain 1987, Tríona Ní Ráinne 1991 agus Máire Áine Ní Iarnáin 2002*)

Ceisteanna na míosa seo:

1. Cén imreoir de chuid CPNA a bhuaigh Craobh na hÉireann le Gaillimh i 1998?
2. Cérbh é captaen fhoireann mionúir an Chumainn nuair a bhuaigh siad i 2001?
3. Cé a bhuaigh an Craobh Shinsir i gComórtas Peile na Gaeltachta ar an Máimín i 2002?
4. Cén bhliain ar thug an cumann cuairt ar Chicago agus ar Bhostún?
5. Cén imreoir de chuid CPNA a bhuaigh Craobh na hÉireann le Gaillimh i 2004 ?
6. Cén iar-chathaoirleach ar bronnadh Pearsa na Bliana Bhord Peile Iarthar na Gaillimhe air i 2006?
7. Cé mhéid uair ar thug Mná Chonamara leo Craobh Shinsir Peile na Gaeltachta?
8. Cén dáta ar oscail Spórtlann Mhicheal Mhóir ?

*Beidh na freagraí le fáil sa chéad eagrán eile nó tá siad i Leabhar Staire an Chumainn *


Lean muid ar na meáin shóisialta nó bíonn go leor eolais ar fáil ar an suíomh www.naomhanna.ie

Tá muid ar:



Leabhar Staire an Chumainn le fáil ar €30, ar Chló Iar-Chonnacht ag an nasc thíos.

<https://www.cic.ie/books/publish-ed-books/stair-chumann-naomh-anna-1964-2014>



Scéalta Suimiúla an Chumainn

Má ritheann aon smaointe/ nuacht faoin gclub nó sean scéalta ar mhaith libh a inseacht nó a fheiceáil sa nuachtlitir seo, bígí i dteagmháil linn. nuachtlitir@naomhanna.ie

Nó má tá aon pictúir agaibh de shaol na peile a tógadh le gairid nó siar sna blianta, ba bhreá linn iad a fheiceáil!